Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2026
(OR. en)

11367/26
PV CONS 43
TRANS 474
TELECOM 368
ENER 488
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

26 Meitheamh 2026

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10866/26.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 10822/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 10823/26

## Taighde

**1. Clár Réime Phacáiste Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht, 2028-2034** 10460/26 + ADD 1-2 RECH

**(a) An Clár Réime agus a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh** ❶C 10464/26

**(b) An Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach** SC 10465/26

*Cur chuige ginearálta páirteach*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24.6.2026

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta páirteach i ndáil leis an Rialachán maidir le Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034 agus i ndáil leis an gCinneadh ón gComhairle maidir leis an gClár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme.

Leagtar amach san Iarscríbhinn ráiteas comhpháirteach ón gCróit, ón tSeicia, ón Ungáir, ón Laitvia, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin, mar aon le ráitis ón Ostair, ón nGearmáin agus ón gComhairle.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Pacáiste um na hEangacha Eorpacha** ❶C

**(a) Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944 agus (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna** 10740/26

An Chomhairle tagtha ar chuige ginearálta maidir leis an Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944 agus (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna.

**(b) Rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh** 10746/26 + COR 1 REV 1

*Cur chuige ginearálta*

An Chomhairle tagtha ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh.

Thíolaic an Phortaingéil agus an Spáinn ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é. Thíolaic an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn ráiteas comhpháirteach, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. Iarrachtaí dícharbónaithe i réimse an fhuinnimh tar éis 2030 9604/26
*Seisiún tuairimíochta*

5. An ghéarchéim sa Mheánoirthear: bearta comhordúcháin agus freagartha in earnáil an fhuinnimh 9614/26
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

6. (a) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún maidir le leithdháileadh acmhainne agus bainistiú ar phlódú (Rialachán CACM mar a thugtar air) 10695/1/26 REV 1
*Faisnéis ón bhFrainc, ón Iodáil agus ón bPolainn*

**(b) Tionchair an Rialacháin maidir le Meatán ar shlándáil fuinnimh an Aontais** ⓶ 10728/1/26 REV 1

*Faisnéis ón mBeilg, ón mBulgáir, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón Liotuáin, ón Ostair, ó Phoblacht na Seice, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón tSualainn agus ón Ungáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Ostair, ón mBeilg, ón mBulgáir, ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón Iodáil, ón Liotuáin, ón Ísiltír, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón tSualainn. Ghlac an Ghréig páirt ó bhéal.

**(c) Obair leantach ar na conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tsoláthair raidiseatóp d'úsáid mhíochaine** ⓶ 10773/26

*Faisnéis ón mBeilg, ón gCróit, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ó Phoblacht na Seice, ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón mBeilg, ón gCróit, ó Phoblacht na Seice, ón bhFrainc, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Ísiltír , ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóivéin.

**(d) Na dreasachtaí cearta a áirithiú chun dlús a chur leis an leictriú** ⓶ 10814/26

*Faisnéis ón nDanmhairg, ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón tSualainn ar fáil.

(e) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta

*Faisnéis ó Éirinn*

---

❶ An chéad léamh

⓶ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 10823/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Clár Réime Phacáiste Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht, 2028-2034**<br><br>**(a) An Clár Réime agus a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh**<br><br>**(b) An Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach**<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Ní léiríonn Cur Chuige Ginearálta páirteach na Comhairle maidir le Clár Réime agus Clár Sonrach Fís Eorpach seasamh deiridh na Comhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) ná a Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna). Bunófar seasamh na Comhairle maidir le EIT agus PENanna ag céim níos déanaí, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an togra atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán EIT.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfidh a thogra le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán EIT bonn cuimsitheach fianaisebhunaithe ar fáil chun aon choigeartuithe a dhéanfar amach anseo ar chreat foriomlán EIT a mheas.'

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tacaíonn an Ostair le Fís Eorpach 2028 - 2034, an 10ú ceann de Chláir Réime an Aontais um Thaighde, lena réiteofar an bealach don eolas, don rathúnas agus don tsíocháin san Eoraip.

Le linn na caibidlíochta, d'éirigh leis an Ostair a áitiú gur cheart an taighde a dhíriú sa chaoi is go gcothófar sochaithe atá daonlathach, ilchultúrtha, cuimsitheach, cóir go sóisialta, slán agus síochánta. Ag an am céanna, tá an Ostair i bhfabhar an clár a oscailt do thaighde dé-úsáide chun críoch sibhialta agus míleata araon i gcomhthéacs cheannasacht na hEorpa.

Is oth linn, áfach, gur tugadh cistiú trí chlár Fís Eorpach do thaighde nach mbaineann ach le feidhmeanna míleata amháin. Ba cheart an cineál sin taighde a chistiú tríd an gCiste Eorpach um Iomaíocha (CEI), ina ndéanfar gníomhaíochtaí cosanta an Chiste Eorpaigh Cosanta (CEC) atá ann faoi láthair a chomhtháthú.

Leis an ráiteas seo, déantar an creideamh láidir sin a athdhearbhú, cé nár éirigh leis an Ostair a chur ina luí ar na páirtithe caibidlíochta eile gurb ábhar imní é an méid sin. An tráth céanna, cuirimid in iúl go neamhbhalbh go n-aontaíonn sí le clár Fís Eorpach ar an iomlán.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Is príomhuirlis é Clár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh bharr feabhais, inbhuanaitheacht agus uathriail straitéiseach an Aontais. Is díol sásaimh don Ghearmáin an cur chuige ginearálta páirteach maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an 10ú Clár Réime (Fís Eorpach 2028-2034, 'FP10') agus tacaíonn sí leis.

Mar sin féin, leagann an Ghearmáin béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de na cleachtais a bunaíodh roimhe seo agus atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le taighde lena mbaineann gaschealla suthacha daonna agus suthanna daonna.

Is díol sásaimh don Ghearmáin go leagtar síos, in Airteagal 21 (incháilitheacht), mír 10, den Rialachán maidir le CR10, critéir eiticiúla um eisiamh ó chistiúchán, ar critéir iad atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena leantar de na rialacha a bhí ann roimhe seo faoin Rialachán maidir le Fís Eorpach 2021-2027 ("CR9"). Is den ríthábhacht é, áfach, go dtabharfar gealltanas leanúnach don Ghearmáin freisin nach gcuirfidh an tAontas aon mhaoiniú ar fáil le haghaidh taighde trína ndéantar suthanna daonna a scriosadh, lena n-áirítear maoiniú chun gaschealla a sholáthar, ós amhlaidh go bhfuil toirmeasc ar na cleachtais sin faoi reachtaíocht náisiúnta na Gearmáine maidir le cosaint suthanna. Chuige sin, tá an Ghearmáin ag súil go n-eiseoidh an Coimisiún Eorpach, in am trátha, ráiteas maidir le Rialachán FP10 i gcomhréir leis an ráiteas a eisíodh i ndáil le glacadh Rialachán FP9 (2021/C 185/01, "Ráiteas ón gCoimisiún maidir le heitic/taighde ar ghaschealla").'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCRÓIT, ÓN tSEICIA, ÓN UNGÁIR, ÓN LAITVIA, ÓN RÓMÁIN, ÓN tSLÓVAIC AGUS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Tacaíonn an Chróit, an tSeicia, an Ungáir, an Laitvia, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSlóivéin le glacadh an chur chuige ghinearálta pháirtigh maidir leis an togra le haghaidh Fís Eorpach 2028–2034. Ós amhlaidh go bhfuil forálacha dá ghníomhartha dlí atá ina gcuid den chaibidlíocht chothrománach maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) á n-eisiamh ón gcur chuige ginearálta páirteach go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le CAI, go háirithe Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fís Eorpach, aontaíonn siad leis an gcur chuige ginearálta páirteach ar bhonn staid reatha na caibidlíochta maidir le CAI tráth an ghlactha, mar a léirítear sa Bhosca Caibidlíochta a ullmhaíodh faoi fhreagracht na hUachtaránachta í[i].

Go háirithe, measann an Chróit, an tSeicia, an Ungáir, an Rómáin, an Laitvia, an tSlóvaic, agus an tSlóivéin go bhfuil sé bunriachtanach go leanfar de rochtain a thabhairt, leis an gClár, ar bhearta fothaithe acmhainneachta do thíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus do thíortha aistrithe, agus go mbeidh modúlachtaí difreáilte ann do thíortha aistrithe. Measann siad freisin go bhfuil sé bunriachtanach go ndéanfar aon mhéadú arna dhéanamh ar an infheistíocht phoiblí sa taighde agus sa nuálaíocht mar choinníoll incháilitheachta chun rochtain a fháil ar na bearta ábhartha fothaithe acmhainneachta a mheasúnú ar bhonn méadú ainmniúil ar chaiteachas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.'

[i] 10058/26.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 10866/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3(b) ar liosta na míreanna 'B':** | **Pacáiste um na hEangacha Eorpacha** |
| | **Rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN SPÁINN**

'Tá tabhairt chun críche fíor-Aontais Fuinnimh ar cheann de cholúin bhunúsacha an chláir oibre Eorpaigh.

Chun an clár oibre sin a chur chun cinn, ní hamháin gur gá an rialáil agus an beartas fuinnimh a chomhchuibhiú ar an leibhéal Eorpach, ach is gá aontas fisiciúil ár mbonneagair fuinnimh a bheith ann freisin. Ní féidir Aontas Fuinnimh a bheith ann gan Eoraip atá idirnasctha go maith.

Ní mór féachaint ar idirnaisc mar leas poiblí Eorpach, seachas mar ábhar caibidlíochta déthaobhaí. Ní stopann na tairbhí a bhaineann le hidirnascadh ag an teorainn: praghsanna mórdhíola níos ísle, slándáil soláthair níos fearr, comhtháthú níos fearr ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus athléimneacht fheabhsaithe an chórais i leith chóras leictreachais an Aontais Eorpaigh ina iomláine.

Tá an Eoraip ag aistriú i dtreo córais leictreachais a chumhachtaítear go hiomlán le foinsí in-athnuaite fuinnimh, rud a éilíonn go neartófar go mór ionstraimí solúbthachta. Tá idirnaisc leictreachais ríthábhachtach i ndáil leis sin agus, chomh maith leis sin, is réamhriachtanas iad d'iomaíochas na hEorpa. Ní féidir na gnóthachain táirgiúlachta a ghealltar leis an leictriú a bhaint amach ach le fíorchomhtháthú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh.

Ba dhíol sásaimh dúinn go n-áirítear na hidirnaisc leictreachais thras-Phiréineacha agus an chonair hidrigine glaise (H2Med) i measc na n-ocht mórbhealach fuinnimh Eorpacha ainmnithe i dtionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Mórbhealaí Fuinnimh.

Is uirlis ríthábhachtach é an Rialachán maidir le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (GTE-F) chun na tionscadail sin a chur i gcrích, ar tionscadail iad atá ríthábhachtach chun luach Leithinis na hIbéire a scaoileadh mar mhol in-athnuaite agus chun a leithlisiú leis an gcuid eile den mhór-roinn a scaoileadh.

Dá bhrí sin, iarrann an Spáinn agus an Phortaingéil ar an gCoimisiún Eorpach na Mórbhealaí Fuinnimh a nascann Leithinis na hIbéire le lár na hEorpa a léiriú sa chás lárnach nach mór a fhorbairt agus Airteagal 11 á chur i bhfeidhm faoin Rialachán maidir le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (GTE-F).'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN TSUALAINN**

'Is díol sásaimh don Eastóin, don Fhionlainn, don Laitvia, don Liotuáin, don Pholainn agus don tSualainn an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán GTE-F. Ag an am céanna, measaimid gur cheart cosaint agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh a léiriú ar bhealach níos soiléire sa chomhréiteach deiridh, go háirithe in Iarscríbhinn II.

Léirigh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bagairtí hibrideacha agus teagmhais sabaitéireachta i gcoinne ár n-idirnascairí fuinnimh trasteorann gur cuid bhunriachtanach de shlándáil agus d'ullmhacht an Aontais é an bonneagar criticiúil fuinnimh. Ní féidir le hathléimneacht uile-ghuaise a bheith ina cuspóir beartais cothrománach amháin i gcónaí, ní mór di a bheith ina cuid inchistithe agus intomhaiste de bheartais, de chláir agus de thosaíochtaí infheistíochta an Aontais.

I bhfianaise an mhéid sin, is mór againn go n-áirítear in Iarscríbhinn II de Chur Chuige Ginearálta Rialachán GTE-F catagóir ar leith maidir le cosaint agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh. Ag tabhairt dá haire go n-áirítear bonneagar leictreachais sa chatagóir seo sa Chur Chuige Ginearálta, cuirimid i bhfios go láidir gur cheart cosaint agus athléimneacht an bhonneagair fuinnimh a mheas mar shaincheist uile-chórais i mbeartais an Aontais, lena n-áirítear an bonneagar uile atá ríthábhachtach chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Cuirimid chun suntais nár cheart go dtabharfaí le tuiscint le cosaint na sócmhainní atá ann cheana atá tábhachtach i gcónaí do shreafaí trasteorann agus don tslándáil eacnamaíoch go gcuirfear síneadh le saolré an bhonneagair iontaise.

Táimid fós den tuairim gur cheart cumais téarnaimh a áireamh sa chatagóir freisin, lena n-áirítear ullmhacht deisiúcháin agus stoic réigiúnacha comhpháirteanna criticiúla agus páirteanna spártha, chun a áirithiú gur féidir sreafaí trasteorann a athbhunú go tapa tar éis ionsaithe, sabaitéireacht nó mórshuaitheadh eile.

I bhfianaise an mhéid thuas, cuirimid i bhfios go láidir gur cheart déileáil le cosaint an bhonneagair chriticiúil fuinnimh mar thosaíocht sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ar na bacáin agus gur cheart é a léiriú ar bhealach níos comhsheasmhaí ar fud *acquis* fuinnimh níos leithne an Aontais.

Agus na gnéithe a leagtar amach thuas á gcur san áireamh, tacaíonn an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le bonneagar criticiúil fuinnimh a chosaint i Rialachán GTE-F le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí atá ar na bacáin.’